Cúntóir Taighde - Conradh Bliana ar Théarma Seasta

Oibreoidh an cúntóir taighde go príomha ar thionscadal de chuid DCU, Fáilte ar Líne. Beifear ag tógáil ar fhorbairtí reatha ceannródaíocha i réimse na foghlama digití sa Ghaeilge sa tionscadal seo agus cuirfear deis mhealltach ar fáil don té a cheapfar sa ról cur go mór leis an bhfoghlaim ar líne. Beidh an cúntóir taighde ag feidhmiú faoi stiúir an Phríomhthaighdeora agus beidh sé/sí ag obair go dlúth le meitheal idirdhisciplíneach an tionscadail. Conradh suas le dhá mhí dhéag é seo agus socrófar dáta tosaigh an cheapacháin nuair a dheimhneofar ainmniúchán an té a cheapfar sa ról.

Riachtanais Ghinearálta

Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2.1 ar a laghad i ngné na Gaeilge den chéim). Tá ardchaighdeán cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas maith ar an ngramadach riachtanach. D'fhéadfadh tástáil scríofa sa Ghaeilge a bheith mar chuid den phróiseas earcaíochta. Ní mór d'iarratasóirí bheith sásta oibriú mar bhall de mheitheal idirdhisciplíneach, bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh. Is gá bunscileanna ríomhaireachta a bheith ag iarrthóirí freisin.

Dualgais

- Aschur taighde a fhorbairt, a scaipeadh agus a chur ar fáil faoi stiúir an Phríomhthaighdeora
- Cur le gníomhaíochtaí margaíochta an tionscadail
- Dualgais riaracháin agus forbratha an tionscadail a chur i gcrích
- Dualgais eile a dhéanamh ó thráth go chéile de réir threoir agus riachtanais an Príomhthaighdeora

Scileanna/Inniúlachtaí Riachtanacha

- Is gá d'iarrthóirí bheith líofa sa Ghaeilge agus caighdeán an-ard a léiriú i gcruinneas na Gaeilge scríofa
- Scileanna idirphearsanta den scoth agus an cumas caidreamh oibre éifeachtúil a chothú leis an bhfhoireann
- Tuiscint a léiriú ar thaighde agus scileanna ríomhaireachta
- An inniúlacht a bheith ionat feidhmiú mar bhall d'fhoireann ilchineálach
- Bheith in ann tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus d'ualach oibre a bhainistiú go héifeachtúil
- Bheith sásta taisteal idir campais éagsúla agus oibriú taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre nuair is gá
- Bheith toilteanach tabhairt faoi dheiseanna oiliúna agus forbartha, agus a leithéid a stiúradh nuair is gá

Turastal ar an Scála

€22,109 - €34,612 : * Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.
Déanfar an ceapachán de réir cáilíochtaí agus taithí ar an bpointe cuí den scála tuarastail, faoi réir pholasaí pá reatha an Rialtais.

Spriocdháta le haghaidh iarratas: 23 Aibreán 2019

Ba chóir fiosrúcháin neamhfhoirmeálta faoin ról seo a dhéanamh le:

An Dr Mairéad Nic Giolla Mhichíl
Léachtóir Sinsearach agus Comhalta Taighde
The Ideas Lab, An Institiúid Náisiúnta um Fhoghlaim Dhigiteach &
Fiontar agus Scoil na Gaeilge,
Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta
Rphost: mairead.nicgiollamhicil@dcu.ie; Fón: +353 (0)1 700 6143.

Modh Iarratais

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar an suíomh *DCU Current Vacancies (open Competitions)* ag http://www.dcu.ie/vacancies/current.shtml agus ón Roinn Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Ghlas Naíon DCU, BÁC 9, Éire. Fón: +353 (0) 1 700 5149.

Luaigh go soiléir sa líne ábhair den rphost agus san iarratas féin an ról a bhfuil tú ag cur isteach air, an tagairt phoist san áireamh: Tag. #1151A Cúntóir Taighde.

Ba chóir iarratais **i nGaeilge** a sheoladh de rphost chuig hr.applications@dcu.ie nó le facs: +353 (0)1 700 5500 nó sa ghnáthphost chuig An Roinn Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Ghlas Naíon DCU, BÁC 9, Éire.

Tá an tionscadal seo á chómhaoiniú ag an Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, faoi scáth chlár Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Research Assistant

The Research Assistant will work primarily on DCU's *Fáilte ar Líne* project. Building upon existing pioneering developments in digital learning and the Irish language, this post offers an exciting opportunity for the successful candidate to work with a dynamic and interdisciplinary team. Under the direction of the Principal Investigator, you will work closely with the project team. The contract will be a fixed term contract of one year commencing on appointment.

General Requirements

Honours primary degree in Modern Irish (with at least a 2.1 in the Irish element of the degree). A high degree of accuracy in written Irish and a good knowledge of Irish grammar is required. A written test in Irish may form part of the recruitment process. Applicants must be prepared to work as part of an interdisciplinary team; they must be organised and dilligent, possessing the ability to work to deadlines. Applicants must have basic computing skills.

Responsibilities

- Develop, disseminate and complete research outputs under the guidance of the Principal Investigator;
- Take part in marketing initiatives associated with the project;
- Perform administrative duties related to the project;
- Carry out such other duties as may be determined and required from time to time by the Principal Investigator.

Skills Requirements

- All applicants should be fluent in Irish and be able to demonstrate a high level of proficiency in written Irish;
- Possess excellent interpersonal skills and the ability to establish effective working relationships with the team;
- Understand the research process;
- Possess the ability to work as part of a multi-facted team;
- Outline priorities and manage your workload effectively;
- Be willing to travel between campuses and work out of hours as necessary;
- Display a willingness to engage in and to conduct opportunities for further training and development.

Salary Scale

€22,109 - €34,612: * Starting point will be in line with experience and qualifications.
The appointment will be commensurate with qualifications and experience and will be made on the appropriate point of the salary scale, in line with current Government pay policy.

Deadline for Applications: 23 April 2019

Informal enquiries in relation to this role should be directed to:

Dr Mairéad Nic Giolla Mhichíl
Senior Lecturer and Research Fellow
National Institute of Digital Learning
Fiontar agus Scoil na Gaeilge,
Faculty of Humanities and Social Sciences
Email: mairead.nicgiollamhicil@dcu.ie; Tel: +353 (0)1 700 6143.

Application Procedure

Application forms are available from the DCU Current Vacancies (open Competitions) website at http://www.dcu.ie/vacancies/current.shtml and also from the Human Resources Department, Dublin City University, DCU Glasnevin Campus, Dublin 9, Ireland. Tel: +353 (0) 1 700 5149.
Please clearly state the role that you are applying for, including the job reference, in your application and email subject line: Ref #1151A Research Assistant.

Applications in Irish should be submitted by email to hr.applications@dcu.ie or by Fax: +353 (0)1 700 5500 or by post to the Human Resources Department, Dublin City University, DCU Glasnevin Campus, Dublin 9, Ireland.

The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht with support from the National Lottery co-funds this project under the programme for the 20 Year Strategy for Irish 2010-2030.

Dublin City University is an equal opportunities employer.